C/2024/5464

10.9.2024

# TEACHTAIREACHT Ó AIREACHT FUINNIMH NA hUNGÁIRE DE BHUN AIRTEAGAL 3(2) DE THREOIR 94/22/CE ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE AN 30 BEALTAINE 1994 MAIDIR LEIS NA COINNÍOLLACHA CHUN ÚDARUITHE A DHEONÚ AGUS A ÚSÁID LE HAGHAIDH SIRTHEOIREACHT, TAISCÉALAÍOCHT AGUS TÁIRGEADH HIDREACARBÓN

## Cuireadh poiblí chun tairisceana ar lamháltas chun sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón a dhéanamh faoi lamháltas i limistéar csongrád

(C/2024/5464)

Thar ceann Stát na hUngáire, eisíonn an tAire fuinnimh ('an tÚdarás Conarthach' nó 'an tAire'), mar an t-aire atá freagrach as mianadóireacht, cuireadh poiblí chun tairisceana maidir le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón faoi chonradh lamháltais ar bhonn Ghníomh CXCVI 2011 maidir le sócmhainní náisiúnta ('an Gníomh um Shócmhainní Náisiúnta'), Gníomh XVI 1991 maidir le lamháltais ('an Gníomh um Lamháltais'), Gníomh XLVIII 1993 maidir le mianadóireacht ('an Gníomh um Mianadóireacht'), Foraithne Rialtais Uimh. 727/2020 an 31 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha áirithe lena rialaítear nósanna imeachta lamháltais faoi Ghníomh XVI 1991 maidir le lamháltais, agus Foraithne Rialtais Uimh. 446/2022 an 7 Samhain 2022 maidir le feidhmiú chúraimí an aire inniúil earnála i dtaobh gníomhaíochtaí áirithe atá faoi réir lamháltais, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas.

1. Foilseoidh an tAire an cuireadh chun tairisceana, breithneoidh sé na tairiscintí agus tabharfaidh sé an conradh lamháltais i gcrích i gcomhréir leis an nGníomh um Lamháltais agus leis an nGníomh um Mianadóireacht agus leis na rialacháin lena gcuirtear chun feidhme iad. Déanfaidh Coiste Meastóireachta arna bhunú ag an Aire meastóireacht ar thairiscintí a chomhlíonann na sonraíochtaí tairisceana.

I gcomhréir le moladh ón gCoiste Meastóireachta, eiseoidh an tAire ([1]) – le comhaontú roimh ré ó Údarás Maoirseachta na hUngáire um Ghníomhaíochtaí Rialáilte – an cinneadh lena ndámhtar an lamháltas i gcomhréir le Roinn 5(1)-(1a) den Ghníomh um Lamháltais, ar ar a bhonn is féidir leis an Aire an conradh lamháltais a thabhairt i gcrích leis an tairgeoir rathúil.

2. Is í an Ungáiris teanga an nós imeachta tairisceana.

3. Tá rannpháirtíocht sa nós imeachta tairisceana oscailte d'aon duine nádúrtha Ungárach nó eachtrach a bhfuil inniúlacht aige gníomhú agus d'aon eagraíocht thrédhearcach de réir bhrí an Ghnímh um Shócmhainní Náisiúnta, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na sonraíochtaí tairisceana; ceadaítear tairiscintí comhpháirteacha freisin. I gcás tairiscintí comhpháirteacha ar an ngníomhaíocht lamháltais sin, ní mór do na tairgeoirí duine dá gcuid a ainmniú mar ionadaí, ach glacadh le dliteanas comhpháirteach agus leithleach as comhlíonadh an chonartha lamháltais. Faoin nós imeachta tairisceana, caithfear le tairgeoirí intíre agus eachtracha ar bhonn cothrom.

Chun an ghníomhaíocht a dhéanamh faoi réir lamháltais, agus a acmhainní féin á n-úsáid ag an tairgeoir, ní mór don tairgeoir a shíníonn an conradh lamháltais ('an Lamháltóir'), laistigh de 90 lá tar éis don chonradh lamháltais teacht i bhfeidhm, cuideachta a bhunú lena hoifig chláraithe san Ungáir ('an Chuideachta Lamháltais'); ní mór don Lamháltóir tromlach na scaireanna, na leasanna gnó agus na cearta vótála sa chuideachta a bheith aige nuair a bhunaítear í agus fad a bheidh sí ag feidhmiú, agus ní mór dó, mar úinéir, gealltanas a thabhairt na ceanglais a shonraítear sa chonradh lamháltais a fhorfheidhmiú laistigh den Chuideachta Lamháltais. Beidh na cearta ag an gCuideachta Lamháltais agus beidh sí faoi réir na n-oibleagáidí faoin gconradh lamháltais mar oibreoir mianadóireachta.

([1]) A mhéid a bhaineann leis na gníomhaíochtaí aonair atá faoi réir lamháltais, údaraítear an tAire fuinnimh le gníomhú mar ionadaí dlíthiúil Stát na hUngáire mar dheontóir, ar bhonn Roinn 5(1) den Ghníomh um Lamháltais, Roinn 8 den Ghníomh um Mianadóireacht, Roinn 160(1) d'Fhoraithne Rialtais Uimh. 182/2022 an 24 Bealtaine 2022 maidir le dualgais agus cumhachtaí chomhaltaí an Rialtais, Roinn 1 agus Iarscríbhinn 1 d'Fhoraithne Rialtais Uimh. 446/2022 an 7 Samhain 2022 maidir le feidhmiú chúraimí an aire inniúil earnála, Roinn 3(1) d'Fhoraithne Rialtais Uimh. 727/2020 an 31 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha áirithe lena rialaítear nósanna imeachta lamháltais faoi Ghníomh XVI 1991 um lamháltais, agus Cinneadh Uimh. 335/2022 ó Uachtarán na Poblachta an 30 Samhain 2022 lena gceaptar an tAire.

4. Is é 20 bliain fad an lamháltais ó theacht i bhfeidhm an chonartha lamháltais, conradh is féidir síneadh a chur leis uair amháin gan glao breise ar thairiscintí ar feadh leath dá fhad bunaidh ar a mhéad má chomhlíon an Lamháltóir agus an Chuideachta Lamháltais a n-oibleagáidí uile i gcomhréir leis an gconradh agus má chomhlíon siad na hoibleagáidí sin in am.

5. Sonraí maidir leis an limistéar atá ainmnithe le haghaidh lamháltais:

Baineann an limistéar atá ainmnithe le haghaidh lamháltais le críocha riaracháin na mbardas a liostaítear sa tábla thíos i gcontaetha Bács-Kiskun, Csongrád agus Jász–Nagykun–Szolnok.

| Bardas | Contae | Bardas | Contae |
|---|---|---|---|
| Bugac | Bács-Kiskun | Kunszállás | Bács-Kiskun |
| Csépa | Jász-Nagykun-Szolnok | Nagytőke | Csongrád |
| Csongrád | Csongrád | Petőfiszállás | Bács-Kiskun |
| Felgyő | Csongrád | Szelevény | Jász-Nagykun-Szolnok |
| Fülöpjakab | Bács-Kiskun | Szentes | Csongrád |
| Gátér | Bács-Kiskun | Tiszaalpár | Bács-Kiskun |
| Jászszentlászló | Bács-Kiskun | Tömörkény | Csongrád |
| Kiskunfélegyháza | Bács-Kiskun | Városföld | Bács-Kiskun |

Scraith uachtair an limistéir atá ainmnithe le haghaidh lamháltais: dromchla agus buncharraig: 6 000 méadar faoi bhun leibhéal Mhuir Bhailt

Limistéir a réitítear chun áit a dhéanamh do láithreán mianadóireachta a bhunaítear le haghaidh acmhainní mianracha hidreacarbóin, ní áirítear iad sa limistéar atá ainmnithe le haghaidh lamháltais.

Is féidir breathnú ar na comhordanáidí pointe rinne lena gcuirtear teorainn leis an limistéar atá ainmnithe le haghaidh lamháltais sa Chóras Aonfhoirmeach Náisiúnta um Réamh-Mheastacháin, agus is féidir breathnú ar shonraí maidir leis na limistéir a réitítear chun áit a dhéanamh do láithreáin mhianadóireachta a bhunaítear le haghaidh acmhainní mianracha hidreacarbóin, nach n-áirítear sa limistéar atá ainmnithe le haghaidh lamháltais, ar shuíomhanna gréasáin Údarás Maoirseachta na hUngáire um Ghníomhaíochtaí Rialáilte https://sztfh.hu) agus na hAireachta Fuinnimh (https://kormany.hu/energiaugyi-miniszterium) trí chliceáil ar 'Koncesszió'.

Méid an limistéir atá ainmnithe le haghaidh lamháltais: 669,6 $km^2$.

6. Is é HUF 482 000 000 (ceithre chéad ochtó agus dhá mhilliún forint) móide CBL an glantáille lamháltais íosta, ach féadfar tairiscint ar mhéid socraithe níos mó a chur isteach sa nós imeachta tairisceana. A luaithe a fhoilseofar an toradh, ní mór don tairgeoir rathúil an táille lamháltais a íoc de réir an mhéid, ar an mbealach agus faoin dáta a shonraítear sa chonradh lamháltais.

7. Tá rannpháirtíocht sa nós imeachta tairisceana lamháltais faoi réir táille rannpháirtíochta HUF 20 000 000 (fiche milliún forint) móide CBL a íoc, táille atá le híoc ar an mbealach a shonraítear sa Doiciméad Tairisceana. Ní mór don táille rannpháirtíochta teacht isteach sa chuntas a leagtar amach sa Doiciméad Tairisceana faoi 24:00 an lá roimh an sprioc-am chun tairiscintí a chur isteach.

8. Chomh maith leis an táille rannpháirtíochta a íoc, chun go mbeidh a dtairiscint bailí, ní mór do thairgeoirí urrús tairisceana HUF 100 000 000 (céad milliún forint) a íoc faoi 24:00 an lá roimh an sprioc-am chun tairiscintí a chur isteach mar ráthaíocht go bhfuil an tairiscint ceangailteach. Forghéillfear an t-urrús tairisceana don Údarás Conarthach má tharraingíonn an tairgeoir siar nó má éiríonn leis an tairgeoir ach má teipeann air ansin an conradh a thabhairt i gcrích nó an táille lamháltais a thairgtear a íoc, de réir an mhéid, ar an mbealach agus faoin sprioc-am a shonraítear sa chonradh. Tá an t-urrús tairisceana le híoc ar an mbealach a shonraítear sa Doiciméad Tairisceana.

9. Is é 20 % an ráta is ísle den ríchíos mianadóireachta is iníoctha le haghaidh táirgeadh hidreacarbóin traidisiúnta ar bhonn an chonartha lamháltais de réir chinneadh an Aire. Féadfar tairiscint a chur isteach sa nós imeachta tairisceana lena dtairgtear ríchíos mianadóireachta a íoc atá níos mó ná an ríchíos mianadóireachta íosta, ar choinníoll nach mór an ríchíos a bheidh mar thoradh air sin a thaifeadadh sa chonradh lamháltais agus a íoc ar feadh an lamháltais. Sna cásanna a shonraítear i Roinn 20(3)(e) agus (i) agus i Roinn 20(5) den Ghníomh um Mianadóireacht, is éard a bheidh sa ríchíos mianadóireachta conarthach an ráta ríchíosa mianadóireachta a shonraítear sa Ghníomh um Mianadóireacht is infheidhme an dáta a chuirtear an tairiscint isteach.

10. Is féidir teacht ar na coinníollacha dlíthiúla, airgeadais, teicniúla agus eile agus ar an bhfaisnéis a bhaineann leis an nós imeachta tairisceana sa Doiciméad Tairisceana.

11. Féadfar an Doiciméad Tairisceana a bhailiú ó cheanncheathrú na hAireachta Fuinnimh (Október huszonharmadika utca 18, 1117 Búdaipeist), an tríú hurlár, oifig 333, ar laethanta oibre idir 09:00 agus 15:00 suas go dtí an lá roimh an sprioc-am chun iarratas a chur isteach, ar chruthúnas doiciméadach leormhaith a chur i láthair gur íocadh an praghas ceannaigh ar an Doiciméad Tairisceana. Eiseoidh an Aireacht Fuinnimh deimhniú don cheannaitheoir ina ainm.

Agus an Doiciméad Tairisceana á cheannach, chun teagmháil a dhéanamh leis an gceannaitheoir agus cumarsáid a fháil, ní mór don cheannaitheoir Bileog Aitheantais Tairgeoirí Lamháltais a chur isteach freisin, bileog is féidir a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na hAireachta Fuinnimh (https://kormany.hu/energiaugyi-miniszterium) trí chliceáil ar 'Koncesszió'.

12. Is é an praghas ceannaigh ar an Doiciméad Tairisceana HUF 200 000 (dhá chéad míle forint) móide CBL, méid nach mór a íoc trí aistriú isteach i gcreatchuntas úsáide leithreasuithe na hAireachta Fuinnimh Uimh. 10032000-00290713-00000000 (IBAN: HU30 1003 2000 0029 0713 0000 0000, cód SWIFT: HUSTHUHB, institiúid airgeadais ina bhfuil an cuntas: Státchiste na hUngáire). Ní mór an cód CSO CHDV agus ainm an pháirtí atá ag ceannach an Doiciméid Tairisceana a lua sa teachtaireacht a ghabhann leis an aistriú. Ní féidir an praghas ceannaigh ar an Doiciméad Tairisceana a íoc in airgead tirim agus níl sé inaisíoctha go páirteach ná go hiomlán. Mura bhfaightear an Doiciméad Tairisceana, aisíocfar an praghas ceannaigh ar an Doiciméad Tairisceana leis an íocóir laistigh de 5 lá ón sprioc-am chun tairiscint a chur isteach.

13. Ní fhéadfaidh ach daoine a cheannaigh an Doiciméad Tairisceana agus a d'íoc go hinfhíoraithe an táille rannpháirtíochta agus an t-urrús tairisceana araon tairiscintí a chur isteach. Má chuirtear tairiscint chomhpháirteach isteach, is leor do dhuine amháin de na tairgeoirí an Doiciméad Tairisceana a cheannach.

14. Ní mór tairiscintí a chur isteach go pearsanta idir 10:00 agus 12:00 an 15 Eanáir 2025 ag ceanncheathrú na hAireachta Fuinnimh (Október huszonharmadika utca 18, 1117 Búdaipeist), an tríú hurlár, oifig 333, in Ungáiris, mar a shonraítear sa Doiciméad Tairisceana.

15. Beidh an tairiscint ceangailteach ar an tairgeoir ón tráth a chuirtear isteach í agus beidh sí ceangailteach go dtí go mbeidh deireadh leis an nós imeachta tairisceana. Ní fhéadfaidh tairgeoirí dliteanas a eisiamh mura gcloíonn siad lena dtairiscint.

16. Forchoimeádann an tAire an ceart an cuireadh chun tairisceana a tharraingt siar gan bonn cirt a thabhairt tráth ar bith go dtí an sprioc-am chun tairiscintí a chur isteach.

17. Forchoimeádann an tAire an ceart chun a dhearbhú nár éirigh leis an nós imeachta tairisceana gan bonn cirt a thabhairt tráth ar bith go dtí go dtabharfar an conradh lamháltais i gcrích tar éis an sprioc-ama chun tairiscintí a chur isteach, agus chun scor den nós imeachta. Aon éileamh a eascraíonn as an nós imeachta tairisceana a dhearbhú mar nós imeachta nár éirigh leis, ní féidir éileamh den sórt sin a thaisceadh in aghaidh an Aire, Stát na hUngáire a ndéanann an tAire ionadaíocht thar a cheann, ná in aghaidh na hAireachta Fuinnimh mar áit oibre an Aire.

18. Má tharraingíonn an tAire an cuireadh chun tairisceana siar nó má dhearbhaíonn sé nár éirigh leis an nós imeachta tairisceana, aisíocfar an táille rannpháirtíochta a d'íoc an tairgeoir laistigh de 15 lá tar éis scor an nós imeachta.

19. Gheobhaidh an tairgeoir rathúil an ceart eisiach maidir le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón sa limistéar atá ainmnithe le haghaidh lamháltais ar feadh thréimhse an lamháltais tríd an gCuideachta Lamháltais arna bunú go sainordaitheach chun na críche sin. A luaithe a bheidh an cinneadh lena mbunaítear an láithreán mianadóireachta críochnaitheach, beidh an ceart lamháltais le haghaidh an limistéir sirtheoireachta teoranta do limistéar an láithreáin mianadóireachta.

20. Ní fhéadfaidh gach tairgeoir ach tairiscint amháin a chur isteach.

21. Teorainn ama chun breithniú a dhéanamh ar thairiscintí lamháltais: laistigh de 90 lá tar éis an sprioc-ama chun tairiscintí a chur isteach.

22. Áiritheoidh an tÚdarás Conarthach cothrom iomaíochta agus ní chuirfidh sé aon chritéar fabhrach i bhfeidhm.

23. Critéir maidir le breithniú tairisceana:

(I) Critéir mheasúnaithe a bhaineann le hinneachar an Chláir Oibre Taighde faoi réir lamháltais:

— tuillteanais ghairmiúla an Chláir Oibre Taighde (dearadh cláir arb é is aidhm dó sirtheoireacht uasta hidreacarbóin a bhaint amach);

— an fad atá beartaithe don taighde;

— na bearta atá beartaithe chun an comhshaol a chosaint agus damáiste a chosc agus a laghdú le linn na hoibre atá faoi réir lamháltais;

— cé chomh luath agus a bheartaítear tús a chur leis an táirgeadh (de réir dlí, laistigh de 5 bliana).

(II) Critéir mheasúnaithe a bhaineann le hinniúlacht theicniúil agus airgeadais an tairgeora:

— seasamh airgeadais an tairgeora, infhaighteacht na n-acmhainní is gá chun an obair atá le déanamh faoin lamháltas a mhaoiniú, agus an cion de na hacmhainní sin atá ar fáil mar acmhainní dílse;

— luach iomlán na hoibre a rinneadh i ndáil le mianadóireacht hidreacarbóin sna 3 bliana roimh an gcuireadh chun tairisceana.

(III) Critéir mheasúnaithe a bhaineann le hoibleagáidí íocaíochta ar tugadh fúthu sa chonradh lamháltais:

— an ghlantáille lamháltais a thairgtear i gcomparáid leis an íostáille lamháltais arna socrú ag an Aire;

— an forlíonadh ar an ráta ríchíosa mianadóireachta a thairgtear i gcomparáid leis an íosráta ríchíosa mianadóireachta arna shocrú ag an Aire.

Sonraítear sa Doiciméad Tairisceana na critéir bhreithnithe mhionsonraithe agus an reachtaíocht lena rialaítear an nós imeachta chun an obair lamháltais a údarú agus conas a dhéanfar agus a chríochnófar í.

24. An conradh lamháltais

Tá an conradh lamháltais le tabhairt i gcrích laistigh de 90 lá ó fhógrófar an toradh. Ní fhéadfaidh an tAire síneadh a chur leis an teorainn ama sin ach aon uair amháin ar feadh tréimhse nach faide ná 60 lá.

An ghníomhaíocht eacnamaíoch eisiach faoi rialú an stáit (sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón i limistéar teorannaithe) a cheadaítear faoin lamháltas, tá an tairgeoir rathúil i dteideal an ghníomhaíocht sin a dhéanamh ar feadh an lamháltais i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha agus leis an gconradh lamháltais.

Agus an tairiscint á cur isteach, ní mór do thairgeoirí Roinn 22/A(13) den Ghníomh um Mianadóireacht a chur san áireamh, ina sonraítear, i gcás hidreacarbón, go bhféadfaidh ceart sirtheoireachta nó cead sirtheoireachta oibreora mianadóireachta méid iomlán nach mó ná 20 000 km2 de chríoch shirtheoireachta a chumhdach. Agus an chríoch shirtheoireachta á bunú, ní mór críoch shirtheoireachta an oibreora mianadóireachta a rialaíonn – de réir bhrí Acht V 2013 maidir leis an gCód Sibhialta – an t-oibreoir mianadóireachta ar mian leis an ceart sirtheoireachta a fháil a chur san áireamh freisin. I gcás tairiscintí comhpháirteacha, ní mór do gach duine de na tairgeoirí an critéar sin a chomhlíonadh ar bhonn aonair.

Tá an dréachtchonradh lamháltais i gceangal leis an Doiciméad Tairisceana.

25. Féadfar faisnéis maidir leis an nós imeachta tairisceana a iarraidh go heisiach in Ungáiris, i scríbhinn tar éis an Doiciméad Tairisceana a cheannach, ar an mbealach a shonraítear sa Doiciméad Tairisceana. Cuirfidh an Aireacht Fuinnimh na freagraí ar fáil do na páirtithe uile trí úsáid a bhaint as an seoladh ríomhphoist a léirítear ar an mBileog Aitheantais Tairgeoirí a cuireadh isteach nuair a ceannaíodh an Doiciméad Tairisceana.

Búdaipeist, 27 Meitheamh 2024

Lajos Csaba LANTOS

*Aire*